# Fada agus Gearr

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - meastachán, fad<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | fada, níos faide, is faide, gearr, níos giorra, is giorra, dearg, oráiste, buí, corcra, glas, gorm, dubh |
| **Áiseanna** | clár bán, marcóir, páipéar, stiallacha páipéir daite, gliú, criáin, pinn luaidhe |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Plé ranga ar rudaí atá fada agus sainaithin iad sa timpeallacht.
Faigheann na daltaí stiall páipéir atá chomh fada lena sciathán agus déanann siad cuardach sa seomra ranga le haghaidh rudaí atá níos faide ná a stiall páipéir. Déanann na daltaí a gcuid freagraí a thaifeadadh ar chlár bán/ar leathanach.

### 2 Gníomhaíocht 2

Breathnaíonn na daltaí timpeall an tseomra ranga agus aimsíonn siad rudaí atá níos giorra ná a stiall páipéir.

### 3 Gníomhaíocht 3

Tugtar rogha de stiallacha páipéir daite do na daltaí agus iarrtar orthu iad a shórtáil in dhá ghrúpa, grúpa amháin le stiallacha páipéir fada agus grúpa eile le stiallacha páipéir gearra.

### 4 Gníomhaíocht 4

Úsáideann daltaí na stiallacha páipéir chun dealbh pháipéir a dhéanamh agus úsáideann siad na focail fada, gearr, níos faide, níos giorra, is faide agus is giorra chun cur síos a dhéanamh air.

### 5 Gníomhaíocht 5

Tugtar rogha de stiallacha páipéir d'fhaid éagsúla (1 cm go 10 cm go garbh) do na daltaí. Cuireann na daltaí na stiallacha páipéir in ord ón gceann is faide go dtí an ceann is giorra agus cruthaíonn siad colláis chrainn.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an rud is faide a d'aimsigh tú?<br>• Cad é an rud is giorra a d'aimsigh tú?<br>• An féidir leat rud atá níos faide ná x a thaispeáint dom?<br>• An féidir leat rud atá níos giorra ná y a thaispeáint dom?<br>• An féidir leat x, y agus z a chur in ord ón gceann is giorra go dtí an ceann is faide? | • Mínigh an fáth ar roghnaigh tú na rudaí seo atá níos faide/giorra ná tusa.<br>• Conas atá a fhios agat go bhfuil x níos faide/níos giorra ná y?<br>• Dá bhféadfá ord na stiallacha páipéir a athrú, cad a d'athrófá, conas a rachadh sé i bhfeidhm ar an bpictiúr?<br>• Aimsigh trí rud atá ar comhfhad leis an stiall páipéir is faide atá agat, conas atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Is féidir leis na daltaí rud amháin nó dhó atá níos giorra/níos airde ná iad féin a roghnú do Ghníomhaíocht 4 a bheidh le cur ina bpictiúr.